Le linn 2021 lorg lascach Intíre Éireann, Peter Sweetman agus daoine eile, agus Salmon Watch Ireland CLG cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach chun agóid a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhoird sna hAchromhairc AP2/1-14/2015, Shot Head, Co. Chorcaí. Glacadh leis na cásanna seo sa Chúirt Tráchtála agus tá éisteachtaí na Cúirte ar feitheamh.

FORBAIRTÍ SA DLÍ PLEANÁLA/COMHSHAOIL

Tá tionchar nach beag ag beartas agus reachtaíocht chomhshaoil atá ag éirí níos casta, chomh maith le corporas cásdlí atá ag teacht chun cinn, ar an gcaoi a bhfuil an Bord ag déileáil le hachomhairc a thagann os a chomhair. Leanann an Bord dá nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun achomhairc a bhreithniú agus a chinneadh d'fhoinn gach reachtaíocht ábhartha agus cásdlí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

ACMHAINNÍ

Cuireann an Bord luach mór ar shaineolas gairmiúil, ionracas, tiomantas agus éiteas seirbhísé poiblí a fhoirne agus braitheann sé go mór orthu. Aithníonn sé a dtiomantas do shaothrú an Bhoird maidir le seirbhís

ardchaighdeáin agus éifeachtúil a sholáthar dá pháirtithe leasmhara. Tá an fhoireann agus comhaltaí an Bhoird le moladh as a dtiomantas le linn Covid-19 maidir le hoibríochtaí a chothabháil, na bearta sábháilteachta láidre a cuireadh i bhfeidhm san oifig agus rolladh amach na hoibre cumaisc don fhoireann go léir san éigeandáil seo a d'athraigh go bunúsach an dóigh a n-oibríonn siad. Chinnigh a bhfreagrúlacht gur íoslaghdaíodh cuir isteach ar fud na heagraíochta. Le linn 2021 chuaigh iar-Rúnaí an Bhoird, Mary O'Hara, ar scor agus tháinig Antoinette Conroy ina háit.

COMHAIRLIÚCHÁIN LE COMHLACHTAÍ EILE

Tá sé de dhualgas ar an mBord polasaithe comhlachtaí áirithe a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar a chuid oibre a chur in iúl agus é féin a choinneáil ar an eolas ina leith. Ina measc tá ranna eile Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Rialachas Corparáideach in ALAB deartha chun cloí le riachtanais Chód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit, (an Cód), a mhéid is cuí, i bhfianaise a bhige is atá an comhlacht. Tá ALAB tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach chun a chinntí go gcloítear go leanúnach leis an gcleachtas is fearr sa réimse seo.

Sa chomhthéacs seo, mar a éilíonn an Cód, dearbhaítear na nithe seo a leanas:

1. Ní raibh tionchar ag aon fhorbairtí suntasacha tráchtala ar ALAB sa tréimhse 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2021, ná níl an Bord ar an eolas faoi aon mhórcheisteanna ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn sa ghearrhéarma agus sa mheántearma.
2. Níl aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe nach nochtar i dtuarascáil bhliantúil agus i ráitis airgeadais ALAB.
3. Tá na nósanna imeachta cuí ar fad maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taistéal, fála agus diúscairtí sócmhainní a gcur i gcrích;
4. Cuireadh cóid iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo.
5. Toisc go bhfuil foireann uile ALAB ar iasacht dó ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus toisc go bhfuil beartas an Rialtais maidir le pá POFanna agus fostaithe uile na gcomhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh.
6. Tá treoir an Rialtais maidir le táillí chomhaltaí an Bhoird á gcomhlíonadh.
7. Níor tharla aon imeachtaí suntasacha i ndiaidh an chláir chomhardaithe.
8. Tá riachtanais chuí Cód Caiteachais na Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe á gcomhlíonadh.
9. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi alt 22(1) den Acht.
10. Tá riachtanais bheartais taistil an Rialtais á gcomhlíonadh i ngach slí.
11. Tá ALAB tar éis a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach a chomhlíonadh.

12. Níl aon díospóidí dlí ann a bhaineann le comhlacthaí Stáit eile seachas na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh atá á dtionscnamh ag lascach Intíre Éireann i gcoinne chinneadh an Bhoird in Achromhairc AP2/1-14/2015, Shot Head Co. Chorcaí.
13. Glacadh leis an gCód agus tá ALAB ag cloí leis an gCód a mhéid is cuí i bhfianaise mhéid agus scála an Bhoird; agus
14. Níl aon fhochuideachtaí ag ALAB.

CRUINNITHE BOIRD

Reáchtáil an Bord ceithre chruinniú dhéag le linn 2021. Seo a leanas an freastal a rinneadh ar na cruinnithe

Comhalta Boird	Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu (is é an líon idir lúibíní líon na gcruiinnithe a raibh an Comhalta Boird ábhartha incháilithe chun freastal orthu)
Imelda Reynolds Uasal (Cathaoirleach)	14 (14)
An tUasal Michael Sweeney	13 (14)
An tUasal Michael Mulloy	14 (14)
An tUasal John Evans	13 (14)
An tUasal Micheál Ó Cinnéide	14 (14)
An tUasal Bill Sweeney	13 (14)
An tUasal John Ward	14 (14)

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá fochoiste amháin ar an mBord - an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca - agus ba mhaith liom mo bhúiochas a chur in iúl d'obair an Choiste seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le riosca, rialú agus rialachas agus cinnteacht ghaolmhar a chur i gcrích. Le linn na bliana tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huairé agus cuireadh tuairiscí ar a chruinnithe ar fáil don mBord ALAB.

Comhalta Boird	Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu (is é an líon idir lúibíní líon na gcruiinnithe a raibh an Comhalta Boird ábhartha incháilithe chun freastal orthu)
Michael Sweeney (Cathaoirleach)	3/4
An tUasal John Evans	4 (4)
An tUasal Bill Sweeney	4 (4)

TIOMANTAS NA GAEILGE

Tá ALAB tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm. Tá an chomharthaíocht agus an stáiseanóireacht i nGaeilge agus i mbÉarla.

CÓD EITICE AGUS IOMPAIR GHNÓ

Éillonn an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit cód iompair i scríbhinn do chomhaltaí agus d'fhostaithe an Bhoird. Tá Cód Eitice agus lompair Ghnó i bhfeidhm do chomhaltaí uile an Bhoird agus tá sé postáilte ar an láithreán gréasáin ag www.alab.ie

Ina theannta sin, tá baill agus comhaltaí foirne áirithe faoi réir cheanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus déantar ráitis bhliantúla ar leasanna incláraithe faoi na hAchtanna.

Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar bhaill foirne áirithe dearbhuithe/nochtadh leasanna a dhéanamh de réir Alt 33 d'Acht 1997

DUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Cuireann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

1. Deireadh a chur le hidirdhealú
2. Comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn don fhoireann agus do dhaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus
3. Cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Déanann an Bord a dhícheall rochtain ar ár seirbhísí a éascú do gach ball den phobal a mhéid is go bhfuil sé réasúnta agus indéanta.

COTHROMAÍOCHT INSCNE I gCOMHALTAS AN BHOIRD

Amhail an 31 Nollaig, bhí 1 bhall fireann (14.29%) agus 6 bhall baineann (85.71%) ag an mBord, agus 0 bpost folamh.

Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Níl aon ról ag ALAB maidir le ceapachán an Bhoird seachas a chur in iúl don Aire nach gcomhlíonann ALAB an sprioc maidir le cothromaíocht inscne.

Is é an tAire a cheapann comhaltaí boird de réir an Achta, ag lorg ainmniúcháin ó na heagraíochtaí sonraithe.

ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMÍOCHT AN BHOIRD

Cuimsíonn monatóireacht ar rialachas corporáideach éifeachtach ag an mBord athbhreithniú leanúnach ar struchtúr inmheánach an chomhlachta Stáit chun a chinntíú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann don bhainistíocht ar fud na heagraíochta. Chomh maith le faireachán agus nochtadh cleachtas rialachais chorparáidigh a éileamh ar bhonn rialta, thug an Bord faoi mheastóireacht mheasúnaithe sheachtraigh ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí in 2020, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

ÉAGSÚLACHT

Aithníonn an Bord luach na ndifríochtaí ina chomhaltaí (e.g., pearsantacht, stíleanna foghlama, agus taithí saoil) agus difríochtaí grúpa/sóisialta (e.g., eitneachas, aicme shóisialta, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, ballraíocht den Lucht Siúil, stádas teaghlaigh, cultúrtha, polaitiúla, reiligiúnacha nó cleamhnachaí eile) chun cálíocht na hoibre agus na cinnteoireachta ar an mBord a fheabhsú.

COSAINT SONRAÍ AGUS GDPR

Tá reachtaíocht um Chosaint Sonraí i bhfeidhm chun an duine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Coinníonn ALAB láithreán gréasáin gníomhach ag www.alab.ie. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an láithreán gréasáin reatha faoi láthair chun nascleanúint a shimplíú agus chun réimsí a ithint ina bhféadfaí tuilleadh eolais a chur ar fáil chun seirbhísí a fheabhsú don phobal.

ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

Tagann ALAB faoi raon feidhme an Acharta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá sé mar pholasaí ag ALAB cloí le forálacha ábhartha an Acharta agus, go háirithe, a chinntíú go n-íocatar gach sonrasc go pras. Tá Tuairisceáin Íocaíochta Pras postálte ar an láithreán gréasáin ag www.alab.ie

TIONSCNAMH AN RIALTAIS GHLAIS

Tar éis don Rialtas tionscnamh an Rialtais Ghlais a chur i bhfeidhm chun cabhrú le Ranna agus le comhlachtaí poiblí a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le húsáid plaisteach aon úsáide a laghdú agus chun athchúrsáil a fheabhsú agus a mhéadú, tháirg ALAB 'Ár mBeartas Inbhuanaitheachta Comhshaoil'.

Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo tionchar oibríochtaí ALAB ar an gcomhshaol a laghdú, trína thionscnamh 'Clár Oibre Glas'. Níl aon phlaistigh aon úsáide in úsáid agus tá earraí gloine in úsáid ar fud na hoifige. Ghlac an Bord roimhe seo le córas bainistíochta sonraí gan pháipéar a úsáid a laghdaíonn costais go héifeachtach trí dhereadh a chur le húsáid méideanna móra páipéir, dúigh agus leictreachais.

SAORÁIL FAISNÉISE (FOI) AGUS ROCHTAÍN AR FAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise agus leis na Rialacháin um Rochtaí ar Faisnéis faoin gComhshaol do rochtain ar fhasnéis áirithe faoi oibríochtaí ALAB. Tá Logá Nochta ar fáil ar láithreán gréasáin ALAB.

Fuarthas dhá iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2021.

Tagairt FOI	Achoimre ar Ghníomhaíochtaí
FOI 1/2021	Fuarthas an 18 Lúnasa 2021. Deonaithe agus eisithe an 15 Meán Fómhair
FOI 2/2021	Fuarthas an 27 Samhain 2021. Diúltaithe agus eisíodh fógra an 23 Nollaig

Fuarthas trí iarratas AIE in 2021.

Tagairt AIE	Achoimre ar Ghníomhaíochtaí
AIE 1/2021	Fuarthas an 12 Meán Fómhair 2021. Deonaithe go páirteach agus eisithe an 7 Deireadh Fómhair 2021. Fuarthas iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach an 12 Deireadh Fómhair 2021. Deonaithe go páirteach agus eisithe an 12 Samhain 2021
AIE 2/2021	Fuarthas an 21 Meán Fómhair 2021. Diúltaithe agus eisíodh fógra an 19 Deireadh Fómhair 2021
AIE 3/2021	Fuarthas an 11 Samhain 2021. Diúltaithe agus eisíodh fógra an 30 Samhain 2021

IDIRCHAIDREAMH LE COMHALTAÍ AN OIREACHTAIS

De réir Chiorclán 25/2016 DPER tá socruithe i bhfeidhm ag ALAB chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais ar iarratas. In 2021 fuarthas cúig cheist déag ó chomhaltaí an Oireachtais. Eisíodh freagra substainteach ar gach ceist laistigh den am freagartha 10 lá oibre.

TIONSCADAL GNÁTH-BHÉARLA

Mar eagraíocht a bhíonn ag plé go rialta leis an bpobal, aithníonn ALAB an tábhacht a bhaineann le faisnéis a chur i láthair go soiléir agus go gonta.

Leanann an Rúnaí agus foireann ALAB ag cur lena gcuid eolais agus taithí i ngnáth-Bhéarla. Leanann ALAB le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus treoir ghinearálta chun cloí le caighdeán ghnáth-Bhéarla, nuair is féidir.

IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE

Tá paindéim dhomhanda COVID-19 fós ag cur isteach ar go leor gnáthoibríochtaí gnó. Tá oifig ALAB fós dúnta don phobal agus tá an fhoireann ag glacadh le múnlá hibrídeach a chomhcheanglaíonn freastal ar an Oifig le hobair sa bhaile. Tá an oifig ar fáil chun freagra a thabhairt ar gach cumarsáid a fhaightear, áfach, trí ríomhphost nó ar an bhfón le linn gnáthuaireanta gnó agus is féidir freastal ar an oifig ag an bpobal a éascú trí choinne. Amhail Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Bord cur chuige cumaisc maidir lena chruinnithe, ag tionól cruinniú pearsanta amháin gach ráithe agus ag an am céanna ag leanúint ar aghaidh ag baint leasa as na héifeachtúlachtaí a bhaineann le cruinnithe fíorúla.

Chuir an Bord paindéim Covid-19 san áireamh ina phróisis phriomhlána bainistíochta riosca.

Tá ALAB sásta gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla.

Aguisín 1

Liosta na ndaoine a d'fhostaigh an Bord le linn 2020 de bhun alt 35 den Acht lascaigh (Leasú)

Comhairle Theicniúil

Bryan Deegan, Altemar Ltd, Comhairleoirí Mara & Comhshaoil, 50 Templecarrig, Na Clocha Liatha Uachtaracha, Co. Chill Mhantáin

Eoin Cussen BSc MSc / John Thompson, EcoEireann, Ionad Gnó Acorn, An Charraig Dhubbh, Corcaigh, T12 K7CV

An Dr Louise Scally MCIEEM/Nick Pfeiffer MCIEEM/Jackie Hunt, MERC Consultants Ltd, Lochán Beag, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Dlí

Philip Lee LLP, Aturnaetha, Teach Chonnacht, 1 Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath 4, D04 C5Y6

Denis McSweeney, Aturnaetha, 40 Sráid na Canálach Móire Uachtarach, Baile Átha Cliath 4, D04 N8X3

Tim O Sullivan BL

Cuntasóirí

Crowleys DFK, 16 -17 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2 D02 V078

Woods, Delaney & Partners, 42 Sráid Grattan, Port Laoise, Co. Laoise R32 HR62

Sylvia Boylan Uasal, Iniúchadh Inmheánach

Seirbhísí aistriúcháin

Europus, An Comhlacht Teanga, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Aistriúchán Foirfe Focal, 22 Cé Urumhan Uachtarach, Baile Átha Cliath 7

Rialachas

Lionheart Management Consultants Ltd, Halla Pembroke, 38 -39 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

Aguisín 2

Cuntas Iniúchta do ALAB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

An Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Ábhar	Leathanach
Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta	3
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird	4 -7
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	8 -9
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	10 -11
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil	12
Ráiteas ar Staid Airgeadais	13
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	14
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	15 -19

An Bord Achromhaírc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí an Bhoird:
Imelda Reynolds Uasal - Cathaoirleach

An tUasal John Evans

An tUasal Michael Mulloy

An tUasal Micheál Ó Cinnéide

An tUasal Michael Sweeney

An tUasal Bill Sweeney

An tUasal John Ward

Rúnaí:
Margaret Carton Uasal

Seoladh Gnó:
Cúirt Choill Mhinsí,
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Port Laoise
Co. Laoise
R32 DTW5

Iniúchóirí
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1 D01 PF72

Baincéirí:
Banc Aontas Éireann
100 Sráid Grafton
Baile Átha Cliath 2 D02 N671

Dlíodóirí:
Philip Lee Solicitors, Teach Chonnacht, Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath 4
D04 C5Y6

An Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht lascaigh (Leasú), 1997. Is é feidhm an Bhoird údarás neamhspleách a chur ar fáil chun achomhairc a chinneadh in aghaidh chinntí an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar iarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Ailt 40 go 60 den Acht lascaigh (Leasú), 1997. Ar mhíreanna buanna a bhféachann an Bord orthu áiritear:

- Dearbhú leasanna
- Tuairiscí ó choistí
- Tuairiscí airgeadais/cuntas bainistíochta, agus
- Achromhairc idir lámha

Ceanglaítear le hAlt 37(1) den Acht lascaigh (Leasú), 1997 ar an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, a choinneáil i cibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas ceart agus gnáth ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé

Agus na ráitis sin á n-ullmhú ní mór don mBord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go seasta,
- Breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- A lua cibé acu ar ullmaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáiochta is infheidhme,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn go réasúnta cruinn, am ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a áirithíú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAlt 37 (1) den Acht lascaigh (Leasú) 1997. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus, dá thoradh sin, na bearta is gá a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2021.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear gnáthchomhalta, atá ceaptha ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí éagsúla agus tagann siad le chéile go rialta. Sonraítear sa tábla thíos na tréimhsí ceapachán do chomhaltaí amhail an 31 Nollaig 2021 agus do chomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Imelda Reynolds Uasal	An Cathaoirleach	Ceaptha an 1 Aibreán 2014 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Márta 2019. Athcheaptha an 1 Aibreán 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Márta 2024
An tUasal John Evans	Gnáthchomhalta An	Ceaptha an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024
tUasal Michael Sweeney	Leas-Chathaoirleach	Ceaptha ar an mBord ar feadh téarma cúig bliana ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022. Ar an 24 Eanáir 2018 ceapadh an tUasal Sweeney ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord.
An tUasal Micheál Ó Cinnéide	Gnáthchomhalta	Ceaptha an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024
An tUasal Bill Sweeney	Gnáthchomhalta	Ceaptha an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024
An tUasal Michael Mulloy	Gnáthchomhalta	Ceaptha an 12 Meitheamh 2020 do théarma cúig bliana go dtí an 11 Meitheamh 2025
An tUasal John Ward	Gnáthchomhalta	Ceaptha an 6 Meitheamh 2018 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 5 Meitheamh 2023

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Tá coiste amháin curtha ar bun ag an mBord, mar seo a leanas:

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go bhfuil monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don mBord tar éis gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: an tUasal Michael Sweeney (Cathaoirleach), an tUasal John Evans agus an tUasal Bill Sweeney. Bhí 4 chruinniú ag an CIR in 2021.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coistí i dtaobh 2021 leagtha amach anseo thíos. Luitéar táillí agus speanais a fuair gach ball, freisin:

Comhalta Boird	Cruinnithe				Cruinnithe	
	Incháilithe	Cruinnithe	ARC	ARC	Táillí 2021	Caiteachais 2021
	le bheith i láthair	ar freastalaíodh orthu	Incháilithe	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu		
Imelda Reynolds Uasal	14	14	-	-	8,978	223
An tUasal Michael Sweeney	14	13	4	3	5,985	629
An tUasal Michael Mulloy	14	14	-	-	5,985	212
An tUasal John Evans	14	13	4	4	5,985	303
An tUasal Micheál Ó Cinnéide	14	14	-	-	5,985	325
An tUasal Bill Sweeney	14	13	4	4	5,985	272
An tUasal John Ward	14	14	-	-	5,985	415
Iomlán					44,888	2,379

Táillí Dlí agus Gairmiúla

Áiríonn táillí dlí agus gairmiúla costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht.

	2021	2020
	€	€
Comhairle ghinearálta dlí	62,593	39,505
Costais Sainchomhairleora Teicniúil	33,511	102,365
Eile	35,887	13,995
Iomlán	131,991	155,825

An Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

	2021 €	2020 €
Baile		
- Bord	2,379	2,965
- Fostaithe	1,422	524
	<hr/> <u>3,802</u>	<hr/> <u>3,489</u>

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlacthaí Stáit (2016) ("an Cód") agus bhunaigh cleachtais chun géilliúlacht don Chód a chinntiú. Chloígh an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe go hiomlán leis na forálacha sin den Chód a bhaineann leis go hiomlán seachas na nithe seo a leanas:

- Ní bhaineann forálacha an Chóid maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha na foirne uile, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas le ALAB toisc go bhfuil a foireann uile ar iasachta ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ("DAFM").
- I bhfianaise méid agus scála an ALAB agus go bhfuil sé comhdhéanta go heisiach chun achomhairc a chinneadh de bhun an Acharta, tá an Bord den tuairim nach bhfuil pleán straitéiseach foirmiúil ag teastáil. Tá OPA comhaontaithe ag ALAB don tréimhse 2021 - 2023 agus tá sé seo á fhorgnáimhú ag an dá pháirtí faoi láthair. Tá nithe a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe de ghnáth i bpleán straitéiseach ionchorpraithe sa chomhaontú seo.
- Níl Príomhoifigeach Riosca ag ALAB. I bhfianaise méid agus scála oibríocht ALAB tá an Bord den tuairim gur féidir riosca a bhainistiú idir an Rúnaí, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an Bord féin.
- Tá conradh ag ALAB le hiniúchóir inmheánach chun an fheidhm seo a chur i gcrích. Téann an Bord i ngleic le saineolas seachtrach go tréimhsíúil nuair is cuí agus go háirithe chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha.
- Níl Pleán foirmiúil um Nós Imeachta Corparáideach ag ALAB. I bhfianaise méid agus scála ALAB tá an Bord tagtha ar an tuairim nach bhfuil gá le pleán den sórt sin.
- Níl Cairt Chustuméirí ag ALAB. I bhfianaise nádúr ALAB, tá an Bord tagtha ar an tuairim nach bhfuil a leithéid de Chairt oriúnach.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais

An Réimse Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, admhaímid ár bhfreagracht as a chinntíú go ndéantar córas éifeachtach um Rialú Inmheánach Airgeadais a chothabháil agus a oibriú san eagraíocht. Clúdaíonn an fhreagracht úd na riachtanais atá sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016).

Feidhm an Chóras um Rialú Inmheánach

Leagadh amach an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Níl an córas in ann ach deimhníú réasúnta, agus ní daingean a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear is do dtaifeadtar gnóthais mar is cóir agus go gcoiscítear nó go dtagtar ar earráidí ábhartha nó neamhrialta in am tráth.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus chomh fada le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ARC) ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird ag an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Tháinig an ARC le chéile 4 huaire in 2021.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca i bhfeidhm ag an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí lárnacha chomh maith leis na gnímh bhainistíochta a phléann agus a mhaolaíonn, chomh fada agus is féidir, na rioscaí céanna.

Tá clár riosca againn a aithníonn na rioscaí lárnacha roimh an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus táid siúd aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as na tortaí chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh ionas gur féidir rioscaí a smachtú ag leibhéal sásúil.

Sa chlár riosca léirítear an smacht agus na gnímh atá riachtanach chun baol rioscaí a mhaolú maraon le freagracht baill áirithe foirne as rialú a chur i bhfeidhm. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Tá córas cuí buiséid trína mbeidh buiséad bliantúil ann agus é sin á athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach, agus ag an Bord,
- Tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta eolais agus cumarsáide, agus
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar lean

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh cleachtais fhoirmiúla don mhonatóireacht ar próisis rialaithe agus cuirtear easpaí sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord, go tráthúil nuair is cuí. Deimhnímid go bhfuil na córais leanúnach monatóireachta seo i bhfeidhm:

- Aithníodh rioscaí móra maraon le rialú dá réir is bunaíodh próisis mhonatóireachta ar na rialuithe lárnacha chun aon easpa aitheanta a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar a ndáileadh freagracht as bainistiú airgeadais, agus
- Déanann an Bord athbhreithniú ar thuairiscí ócáideacha is bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léirionn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.


Soláthar

Is féidir linn a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun a chinntí go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe na nósanna imeachta sin le linn 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht


Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a fhaightear ó fhoinsí seachtracha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirsíú ar a gcuid oibre, agus an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata inmheánaigh um rialú airgeadais.

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael Sweeney
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2022



An tUasal Bill Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 21 Nollaig 2022

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas An Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a cheanglaítear faoi fhórálacha alt 37 den Acht lascaigh (Leasú), 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fior agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2021 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniuchoireacht (Cllanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniuchoireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san agusín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus shásáigh mé m'fhreagrachtaí eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san agusín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

Peter Kinsley
Le haghaidh agus thar ceann
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 23 Nollaig 2022

An Bord Achromhirc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bliaín dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá ná comhaltaí Boird freagach as.

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhordóraítear faoi Alt 37 den Acht lascaigh (Leasú), 1997
- a chinntí go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntí
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cùis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 37 den Acht lascaigh (Leasú), 1997 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Achromhirc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtas.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cùis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraitheoidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cillanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cillanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscái i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cùis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscái siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. D'fhéadfadh claochpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach baint leis an riosca a chruthaítear nuair nach mbraithear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.

- Bainim tátal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhainneann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Bhoird Achromhirc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadhimeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chús leis, áfach, go gcuirfidh an Bord Achromhirc um Cheadúnais Dobharshaothraithe deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léiritear nó nach léiritear sna ráitis airgeadais na bunidirbhearta agusimeachtaí ar bhealach a bhainneann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleináilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainainiúmid i rith m'iniúchta.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirim aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaoibh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cillanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bheithniúchán speisialta a bhainneann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim má shainainiúmid ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscim más shainainiúmid aon chás ábhartha nár caiteadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaíthe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Ioncam			
Deontais Oireachtas.	2	577,790	406,719
Ioncam Achromhairc	2	<u>1,752</u>	<u>7,390</u>
		579,542	414,109
Caiteachas			
Costais Foirne	3	277,790	186,719
Táillí Boird	4	44,888	42,195
Muirir Riaracháin	5	13,699	12,006
Táillí Dlí & Gairmiúla	5	131,991	155,825
Taistéal & Cothabháil	5	<u>3,802</u>	<u>3,489</u>
		472,170	400,234
Barrachas don bhliain		107,372	13,875
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		55,972	42,097
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		<u>163,344</u>	<u>55,972</u>


Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil gach gnóthachan agus caillteanas arna n-aithint sa bhliain

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10

Thar ceann an Bhoird

An tUasal Michael Sweeney
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21 Nollaig 2022



An tUasal Bill Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 21 Nollaig 2022

An Bord Achromhairc um Cheadúnais
Ráiteas ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2021


	Nótaí	2021	2020
		€	€
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	22,028	15,020
Airgead Tirim agus a Choibhéis	8	<u>201,793</u>	<u>96,762</u>
		223,821	111,782
Dliteanais Reatha: (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna infíochaí	9	(60,477)	(55,810)
Sócmhainní Reatha Glana		<u>163,344</u>	<u>55,972</u>
Iomlán na nGlanshócmhainní		<u>163,344</u>	<u>55,972</u>
Ionadaíocht ar			
Chúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil		163,344	55,972
		<u>163,344</u>	<u>55,972</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael Sweeney
Leas-Chathaoirleach



An tUasal Bill Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 21 Nollaig 2022

Dáta: 21 Nollaig 2022


An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráiteas ar Shreafaí Airgid


Réiteach Barrachais don Bhliain chuit Glan-insreabhadh Airgid

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin Barrachas don bhliain		107,372	13,875
Méadú ar Airgead Infhaighte		(7,008)	(12,539)
Méadú ar Airgead infóchta		4,667	32,028
Glan-insreabhadh airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		105,031	33,364
<hr/>			
Glanmhéadú ar Airgead agus ar Chomhluachanna Airgid		105,031	33,364
Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 1ú Eanáir		96,762	63,398
Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 31 Nollaig	8	<u>201,793</u>	<u>96,762</u>

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael Sweeney
Leas-Chathaoirleach



An tUasal Bill Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 21 Nollaig 2022

Dáta: 21 Nollaig 2022

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bliaín dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1.a) FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bunaíodh an Bord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht lascaigh (Leasú), 1997 agus tá an phríomhoifig ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Tá sé mar phríomhchuspóir ag na Boird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe déileáil le hachomhairc i gcoinne chinntí an Aire a bhaineann le ceadúnais dobharshaothraithe.

b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bliaín dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna cothroime mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht lascaigh (Leasú), 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

d) Ioncam

Aithnítear ioncam achomhairc agus ioncam eile ar bhonn fabhraithe. Aithnítear Deontais an Oireachtas ar bhonn fáltas airgid tirim.

e) Sochair Fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthréimhseacha ar nós pá saoire mar chostas sa bliaín agus cuirtear sochair atá carntha ag deireadh na bliana san áireamh sa mhéid atá iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Fostaithe agus Aoisliúntas

Níl aon fhostaithe ag an mBord seachas an rúnaí agus triúr cúnatóirí atá ina gcomhaltaí de scéim aoisliúntais chaighdeánach na státseirbhise. Ina theannta sin tá Comhairleoir Teicniúil ar iasacht ag ALAB ón DAFM ón 12 Deireadh Fómhair 2020. Dá réir sin níl aon dliteanas ar an mBord i leith aoisliúntais.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais
 Ráitis Caiteachais Airgeadais an 31 Nollaig don bhliain 2021
 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Beartais Chuntais Áiochta ar lean

	2021	2020
	€	€
An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara - Oibríochtaí	300,000	220,000
An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara - Iasachtaí	277,790	186,719
Táillí Achromhairc	<u>1,752</u>	<u>7,390</u>
	<u>579,542</u>	<u>414,109</u>
<hr/>		
3 Costais Foirne	2021	2020
	€	€
Tuarastail an Rúnaí agus Ball Foirne Eile	<u>235,786</u>	<u>186,719</u>
	<u>235.786</u>	<u>186.719</u>

Tá an Rúnaí agus ceathrar ball foirne eile de chuid an Bhoird Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ní raibh aon luach saothair ná díolaíochtaí breise á fháil acu i ndáil lena róil don Bhord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an luach saothair agus na díolaíochtaí go léir agus bhain siad na costais ábhartha go léir, lena n-áirítear an tobhach pinsin, as a dtuarastail.

4 Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird

Fuair baill an Bhoird an luach saothair seo a leanas mar aon le taisteal agus cothabháil don bhliain dar críoch:

	Luach saothair	Taisteal Intíre & Cothú	
		€	€
		2021	2020
An tUasal John Evans		5,985	5,985
An tUasal Michael Mulloy		5,985	5,985
An tUasal Micheál Ó Cinnéide		5,985	5,985
Imelda Reynolds Uasal (Cathaoirleach)		8,978	8,978
An tUasal Michael Sweeney		5,985	5,985
An tUasal John Ward		5,985	3,292
An tUasal Bill Sweeney		<u>5,985</u>	<u>272</u>
		<u>44,888</u>	<u>42,195</u>
		<u>2,379</u>	<u>2,964</u>

An Bord Achromhairc um Cheadúnais

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Beartaís Chuntasáiochta ar lean

5 Caiteachas	2021	2020
	€	€
Taisteal agus Cothabháil - Baill an Bhoird agus an Fhoireann	3,802	3,489
Caiteachas Ginearálta	11,084	9,512
Árachas	1,374	1,373
Guthán	326	745
Táillí Dlí	62,593	39,505
Táillí Gairmiúla eile	51,126	102,365
Costais Chuntasáiochta agus Phárolla	13,072	8,755
Táillí Iniúchóireachta	5,200	5,200
Táillí Bainc	915	376
	<u>149,492</u>	<u>171,320</u>

6 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Níl aon sócmhainní seasta ag an mBord Achromhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Is maoin de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara iad na Sócmhainní Seasta go léir. Níl an Bord Achromhairc faoi dhliteanas aon chíosa, rátaí ná muirear seirbhíse gaolmhar in 2021.

7 Feichiúnaithe	2021	2020
	€	€
Infháltais Eile	20,046	13,038
Réamhíocaíochtaí	<u>1,982</u>	<u>1,982</u>
	<u>22,028</u>	<u>15,020</u>
8 Airgead Tirim agus Airgead Tirim Coibhéis	2021	2020
	€	€
Cuntas Reatha	201,793	96,762
Mionairgead	<u>-</u>	<u>-</u>
	<u>201,793</u>	<u>96,762</u>
9 Suimeanna iníochta	2021	2020
	€	€
Suimeanna iníochta/Fabhruithe	51,717	45,383
ÍMAT/ÁSPC Iníochta	3,119	6,383
PSWT Iníochta	<u>5,641</u>	<u>4,044</u>
	<u>60,477</u>	<u>55,810</u>

Tá suimeanna iníochta/fabhruithe €22,819 (2020: €8,556), agus creidiúnaí eile €NIALAS (2020: € 37) leis an iarmhéid comhdhéanta d'fabhruithe de €28,898 (2020: €36,790). San áireamh i bhfabhruithe deireadh na bliana tá fabhrú pá saoire de €20,046.

An Bord Achromhairc um Cheadúnais
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021
Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais

Beartais Chuntasaiúchta ar lean

10 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 16 Márta 2022